2024/1191

19.4.2024

Cinneadh (CBES) 2024/1191 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála

an 16 Aibreán 2024

maidir le glacadh le rannchuidiú ó thríú stáit le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (BiH/36/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES an 12 Iúil 2004 maidir le hOibríocht Mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 11(2) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, ar mholadh ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais agus ó Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EUMC), na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh le rannchuidiú ó thríú stáit le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin.

(2) I ndiaidh na moltaí ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais agus ó EUMC i dtaca le rannchuidiú ó Phoblacht na Moldóive, ba cheart glacadh leis an rannchuidiú sin agus é a mheas mar rannchuidiú suntasach.

(3) An 12 agus an 13 Nollaig 2002, ghlac Comhairle Eorpach Chóbanhávan dearbhú lena ndearbhaítear nach mbeidh feidhm ag socruithe 'Beirlín Plus' agus a gcur chun feidhme ach amháin maidir leis na Ballstáit sin den Aontas is comhaltaí freisin de ECAT nó is comhaltaí in 'Comhpháirtíocht na Síochána', agus a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha slándála tugtha i gcrích acu le ECAT dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Glactar le rannchuidiú ó Phoblacht na Moldóive le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (Oibríocht ALTHEA) agus meastar gur rannchuidiú suntasach é.

2. Tá Poblacht na Moldóive díolmhaithe ó ranníocaíochtaí airgeadais le buiséad Oibríocht ALTHEA.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Aibreán 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK

([1]) IO L 252, 28.7.2004, lch. 10.